

**Ábhar**

**Gaeilge Mar Ábhar**

**Mír Éisteachta**

**Mairéad Ní Chatháin ag caint faoina  
cúrsa léinn**

*As Forás*

Ní cúrsa teagaisc ná plean ranga atá i gceist leis an ábhar samplach seo. Is **sampla** atá ann de na cineálacha tascanna a d'fhéadfaí a bhunú ar théacsanna éagsúla d'fhonn is na hinniúlachtaí agus na scileanna atá á gcur chun cinn sa siollabas a fhorbairt. Moltar go gcuirfeadh teagascóirí an t-ábhar **in oiriúint dá gcuid mac léinn féin.**



An Mheitheal um Theagasc  
na Gaeilge ar an Tríú Leibhéal

# Gaeilge Mar Ábhar

Beidh tú ag éisteacht le sliocht as agallamh a chuir Máire Ní Chatháin ar Mhairéad Ní Chatháin, mac léinn in Ollscoil na hÉireann Gaillimh, ar 11 Meitheamh 2001.

Bhí Mairéad sa tríú bliain nuair a rinne sí an t-agallamh seo agus dá bhrí sin tá léargas aici ar na trí bliana den chéim.

## Réamhobair

Seo thíos cuid de na ceisteanna a chuireann Máire ar Mhairéad san agallamh. Sula n-éisteannt tú leis an agallamh, pléigh na ceisteanna leis an duine in aice leat.

- Céard é do mheas ar chúrsa litríochta na bliana seo?
- An airíonn tú go bhfuil an cúrsa seanaimseartha?
- An bpléitear cuid de na saothair litríochta sna ranganna teagaisc?

## Éisteacht

An chéad uair a éistfidh tú leis an mír, éist chun an príomhtheachtairacht a thabhairt leat. Dírih ar an gceist seo:

- Cad é an cur síos is fearr ar dhearcadh Mhairéad ar an gcúrsa: (i) iomlán sásta; (ii) sásta le rudaí áirithe; (iii) míshásta; (iv) eile?

An dara huair a éistfidh tú leis an mír éist i gcomhair mionsonraí agus déan iarracht freagraí na gceisteanna seo a fháil:

- Cad é an deacracht is mó a bhí ag Mairéad agus an aiste mhór á scríobh aici?
- Cén chaoi a ndeachaigh sí i ngleic leis an bhfadhb seo?
- Cén t-ábhar nua a tugadh isteach sa chúrsa litríochta?
- Cad é atá le rá ag Mairéad faoi chlasaicí litríochta na Gaeilge?
- Cén t-athrú atá tagtha ar na ranganna teagaisc?
- Cén chomhairle a thabharfadh sí d'aon duine a bheadh ag tosú amach ag déanamh an chúrsa litríochta sa Ghaeilge?

## Feasacht teanga

- ‘dhá nó trí bliana’

Cad atá ar eolas agat faoi na slite a n-athraíonn an focal ‘bliain’? Pléigh agus ansin bain amach na lúbíní thíos.

dhá (bliain)	ocht (bliain)	trí (bliain) déag
cúpla (bliain)	cé mhéad (bliain)?	an dara (bliain)
an chéad (bliain)	an (bliain)	i rith (an bhliain)

sa (bliain)

- Cad é an difear idir ‘i mbliana’ agus ‘an bhliain seo’? Pléigh agus cuir Gaeilge ar na habairtí seo:

This year’s course is difficult  
I’m working very hard this year.  
There are a lot of essays to do this year.

- Cad é an difear idir ‘uair’ agus ‘uair an chloig’? Pléigh agus ceartaigh na habairtí thíos:

Tógann an bus dhá uair ar maidin  
Bhí mé uair ag fanacht leat.  
Beidh mé ann i gceann uaire

- Conas a déarfá *I’m in first year, I’m in second year* sa Ghaeilge? Cén riail atá i gceist? Pléigh agus ansin bain amach na lúibíní sna habairtí thíos:

Tá an dara (bliain) níos fusa ná an chéad (bliain).  
Seo an dara (uair) a fuair mé marc íseal.  
Bhí fadhb agam leis an gcéad (aiste) ach bhí an dara (aiste) níos fearr.  
Seo an tríú (árasán) a bhí agam ó thús na bliana – bhí an chéad (ceann) salach agus an dara (ceann) ródhaor.

- ‘den saothar a bhíonn á phlé’.  
Cén ghramadach atá i gceist sa fhrása seo? Cad atá i gceist le ‘ainm briathartha’ agus ‘aidiacht shealbhach’?

Bain amach na lúibíní thíos:

tá an fhéile á (ceiliúradh) faoi láthair  
tá an aiste á (ceartú)  
tá na haistí á (ceartú)  
tá an cheist á (freagairt)  
tá na ceisteanna á (freagairt)  
tá na dánta á (míniú)  
tá an cheist á (míniú)  
tá an áit á (glanadh)  
tá an seomra á (glanadh)

- Bain amach na lúibíní sa sliocht thíos agus cuir isteach an leagan ceart den bhriathar sa mhodh coinníollach.

Máire: Dá mba rud é, a Mhairéad, go (cuir) duine éigin óg ceist ortsa, duine éigin a bhí ag cuimhneamh ar dhul chuig an ollscoil agus a bhí ag smaoineamh Gaeilge a dhéanamh, céard a (mol) dó nó di?

Mairéad: (abair) leo an léitheoireacht riachtanach, an rud a bhí leagtha amach ar an gcúrsa, a léamh ar dtús ag tús na bliana agus (tabhair) sé sin am dóibh féin, abair, nuair a (tar) aimsir scrúduithe, (tabhair) sé sin am

dóibh an léitheoireacht bhreise a dhéanamh agus an staidéar a dhéanamh agus tá mé ag ceapadh go (déan) sé sin i bhfad níos éasca é, go (éirigh) go maith leo sa nGaeilge ansin.

Máire: Agus, a Mhairéad, mar cheist scoir, dá (bí) breith ar d'aiféala agat an (roghnaigh) Gaeilge arís?

Mairéad: (Roghnaigh) agus dá mbeadh an rogha agam (déan) athrú ar na cúrsaí atá ann ach, mar sin féin, tá mé an-sásta leis an gcúrsa agus (déan) arís é dá (féad).

## Iarobair

### Plé

*An bhfuil aon cheann de na rudaí seo a luann Mairéad ar do chúrsa féin? An bhfuil a fhios agat cad iad?*

Béaloideas  
Sean-Ghaeilge  
Cré na Cille  
Caint agus díospóireachtaí nó rud éigin ar chúrsaí reatha  
Irisí agus nuachtáin

*Seo roinnt tuairimí a nochtar / ceisteanna a chuirtear san agallamh. Pléigh iad le beirt eile.*

- ‘thaitin sé liom mar chúrsa cé go ndéanfainn athruithe air’.  
Cad iad na hathruithe a dhéanfá sa gcúrsa?
- ‘sin é an t-aon uair a fuair mé seans dul i ngleic le hábhar ar leith, agus léamh isteach i rud éigin agus mo chuid staidéir féin a dhéanamh air’.  
An bhfuil aon seans faighte agatsa seo a dhéanamh go dtí seo?
- ‘...níor cheart go mbeifeá in ann teacht amach le céim sa Ghaeilge gan na clasaicí a bheith léite agat...’.  
An aontaíonn tú leis seo?
- ‘tá mé an-sásta leis an gcúrsa agus dhéanfainn arís é dá bhféadfainn’.  
An bhfuil seo fíor fútsa go dtí seo?
- ‘dá mba rud é go gcuirfeadh duine éigin óg ceist ortsa, duine éigin a bhí ag cuimhneamh ar dhul chuig an ollscoil agus a bhí ag smaoinemh Gaeilge a dhéanamh, céard a mholfaí dó nó di?’  
Céard a mholfaí?

*Ar léigh tú riamh clasaicí an Bhéarla? Conas a chuirfeá síos ar chlasaic? An bhfuil aon chur amach agat ar leabhair thábhachtacha na Gaeilge?*

### Tascanna

- Foilsíonn an Coláiste réamheolaire gach bliain ina mbíonn cur síos ar na cúrsaí léinn ar fad a thairgtear sa Choláiste. Scríobh féin agus an duine in aice leat cur síos ar an gcúrsa Gaeilge a shíleann sibh a bheadh oiriúnach le cur sa réamheolaire.

- Déanaigí liosta moltaí faoi na hathruithe a dhéanfadh sibhse ar bhur gcúrsa Gaeilge. Nuair a bheidh pointí dréachtaithe agaibh scríobhaigí litir chuig an gCeann Roinne ag moladh na n-athruithe dó/dí.

## Téipscript

*Tógadh an píosa seo as agallamh a chuir Máire Ní Chatháin ar Mhairéad Ní Chatháin, mac léinn in Ollscoil na hÉireann Gaillimh ar 11 Meitheamh 2001.*

- Máire: A Mhairéad, céard é do mheas ar chúrsa litríochta na bliana seo?
- Mairéad: Bhuel, is cúrsa an-leathan a bhí ann agus is rud maith é sin ar bhealach áirid, is dócha, agus thaitin sé liom mar chúrsa cé go ndéanfainn athruithe air. Agus is dócha san aiste mhór i ndáiríre, sin é an t-aon uair a fuair mé seans dul i ngleic le hábhar ar leith, agus léamh isteach i rud éigin agus mo chuid staidéir féin a dhéanamh air. Agus san aiste mhór is é, phioc mé Micheál Ó Conghaile mar ábhar. Agus san aiste seo bhí deacrachtaí agam mar gheall ar... níl mórán ar bith scríofa ar an bhfear seo ar chor ar bith seachas cúpla léirmheas atá i gcúpla iris atá léite agam. Agus labhair mé leis an bhfear agus is dóigh go ndearna sé sin níos éasca ar bhealach é staidéar a dhéanamh air.
- Máire: An airíonn tú, a Mhairéad, go raibh an cúrsa a rinne tú féin anois, bhuel i mbliana nó an bhliain seo caite, go raibh sé seanaimseartha? Ar cheart níos mó rudaí nua a thabhairt isteach? An gceapann tú, a Mhairéad, go dteastaíonn rudaí nua, fuil nua b'fhéidir, nó rudaí nua a dhéanamh leis an nGaeilge le haghaidh an litríocht a choinneáil spéisiúil do na mic léinn?
- Mairéad: Bhuel, cé go mbíonn an cúrsa athraithe san ollscoil ó bhliain go bliain, feictear dom is iad na cúrsaí céanna a thagann ar ais. Déanann siad athrú air ach is é an cúrsa céanna a thagann ar ais, an bhfuil a fhios agat, tar éis dhá nó trí bliana tiocfaidh na cúrsaí céanna ar ais i gcónaí agus feictear domsa, déantar go leor de na rudaí céanna chuile bhliain beo. Déantar Béaloideas chuile bhliain beo, déantar Sean-Ghaeilge chuile bhliain beo beagnach agus tá sé sin ceart go pointe áirid, agus is dóigh liom gur cheart cúrsa Béaloidis a bheith ar an gcúrsa i gcónaí, ach ba cheart rudaí nua a thabhairt isteach ar nós irisí agus nuachtáin. Tugadh isteach é sin, is rud nua a bhí ansin, agus ba chóir tuilleadh rudaí nua mar sin a thabhairt isteach ar nós díriú, b'fhéidir, cúrsa amháin a bheith ann ar Mháirtín Ó Cadhain leis féin agus an t-úrscéal *Cré na Cille* a dhéanamh. Mar, mar shampla, anois sa mBéarla ní thabharfaí cead duitse céim a bhaint amach sa mBéarla gan b'fhéidir, *Ulysses* a léamh agus tá céim beagnach bainte amach agamsa sa tríú bliain anois agus níor léigh mise *Cré na Cille* riamh. Níor léigh mé, an bhfuil a fhios agat, an chaoi atá na clasaicí acu i mBéarla, tá a fhios agam go bhfuil an Ghaeilge deacair ach níor cheart go mbeifeá in ann teacht amach le céim sa Ghaeilge gan iad seo a bheith léite agat.
- Máire: Agus, a Mhairéad, céard faoi na ranganna teagaisc? Tá a fhios agam i mBéarla go ndéantar anailís ar chuid den saothar a bhíonn á phlé i rith na bliana. An ndéantar an rud céanna i nGaeilge, an bpléitear, abair, cuid de na saothair sin sna ranganna?
- Mairéad: Bhíodh sé sin ag tarlú sa dara bliain cinnte, agus is dócha go raibh sé ag tarlú ag tús an tríú bliain, ach caitheadh in airde ansin é agus díriodh isteach ar an ngramadach leis féin nó caint agus díospóireachtaí nó rud éigin ar chúrsaí reatha agus is rud maith é sin ann féin. Ach b'fhéidir

gur cheart rang teagaisc eile a thabhairt isteach le haghaidh plé a dhéanamh ar an rud atáimid a dhéanamh i gcaitheamh na bliana leis féin *like*. Abair anois sa mBéarla, bíonn seimineáir ann. Píocann tú amach ábhar. Bíonn sé ar nós léachta eile ach nach mbíonn ann ach grúpaí deichniúir. B'fhéidir gur chóir don Ghaeilge cuimhneamh an rud céanna a dhéanamh.

Máire: Dá mba rud é, a Mhairéad, go gcuirfeadh duine éigin óg ceist ortsa, duine éigin a bhí ag cuimhneamh ar dhul chuig an ollscoil agus a bhí ag smaoineamh Gaeilge a dhéanamh, céard a mholfaí dó nó di?

Mairéad: Déarfainn leo an léitheoireacht riachtanach, an rud a bhí leagtha amach ar an gcúrsa, a léamh ar dtús ag tús na bliana agus thabharfadh sé sin am dóibh féin, abair, nuair a thiocfadh aimsir scrúduithe, thabharfadh sé sin am dóibh an léitheoireacht bhreise a dhéanamh agus an staidéar a dhéanamh agus tá mé ag ceapadh go ndéanfadh sé sin i bhfad níos éasca é, go n-éireodh go maith leo sa nGaeilge ansin.

Máire: Agus, a Mhairéad, mar cheist scoir, dá mbeadh breith ar d'aiféala agat an roghnófaí Gaeilge arís?

Mairéad: Roghnóinn agus dá mbeadh an rogha agam dhéanfainn athrú ar na cúrsaí atá ann ach, mar sin féin, tá mé an-sásta leis an gcúrsa agus dhéanfainn arís é dá bhféadfainn.